Tuairisc ar Ghéilliúlacht do Chuid 5 den Acht Mhíchumais 2005 do 2014

Údarás Náisiúnta Míchumais
National Disability Authority

Clár

Tuairisc ar Ghéilliúlacht do Chuid 5 den Acht Mhíchumais 2005 do 2014 1

Achoimre Feidhmeannach 3

1 Príomhthorthaí do 2014 4

1.1 Sáraíodh an sprioc 3% don cheathrú bliain as a chéile 4
1.2 Anailís de réir cineál comhlacht poiblí 4
1.3 Anailís de réir méid comhlacht poiblí 8
1.4 Deachleachtais um earcú agus coimeád 9

2. An Próiseas Monatóireachta 11

2.1 Sprioc-amanna tuairisce 11
2.2 Géilliúlacht don Acht - 2012 agus 2013 11
2.3 Géilliúlacht don Acht - 2013 agus 2014 12
2.4 Gnó an Choiste Monatóireachta 12
2.5 Maolú 13
2.6 Dearmaid – athruithe tar éis dáta foilsithe 13

3. Na Sonraí a thuiscint 14

3.1 Athruithe de réir cineál earnála 14
3.2 Athruithe de réir méid na comhlachta 14
3.3 Athruithe is mó fostaithe faoi mhíchumas tuairiscithe 14

4. An Turas Amach Romhainn 16

4.1 Straitéis Chuimsitheach Fhostaíochta 16
4.2 Gníomh molta – Earcaíocht 16
4.3 Feabhas ar cháilíocht an eolais fhaighte 17

Aguisín A – Ranna Rialtais 18

Aguisín B – Comhlachtaí Poiblí 19

Aguisín C – Rátaí freagartha daonáireamh foirne 2014 35

Achoimre Feidhmeannach

Seo an naoú tuairisc ón Údarás Náisiúnta Míchumais ar lucht míchumais a fhostú san earnáil phoiblí. Léirítear gur lucht míchumais iad 3.5% den bhfoireann i gcomhlachtaí san earnáil phoiblí faoi dheireadh na bliana 2014. Méadú beag é seo ar 3.4% i 2013. Sáraíodh an sprioc 3% don cheathrú bliain as a chéile.

Ar an iomlán bhí 6,771 fostaí faoi mhíchumas tuairiscithe, b'shin méadú 307 ar fhigiúr 2013. Seo an líon is mó fostaithe faoi mhíchumas a taifeadadh ó cuireadh tús leis an bpróiseas um mhonatóireacht reachtúil.

I mbliana don chéad uair shroich nó sháraigh gach catagóir méid sna comhlachtaí poiblí an sprioc. Ina theannta san shroich gach aon earnáil an sprioc 3% seachas an ceann is mó, comhlachtaí neamhthráchtála, mar ar tharla méadú beag 2.6%.

Ní raibh an ghéilliúlacht do sprioc-amanna tuairisce chomh maith is a bhí sí anuraidh. Bhí tuairiscí ó trí Roinn an-dhéanach ar fad. Níor thosaigh comhlacht nua phoiblí amháin, TUSLA – An Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach, ar dhaonáireamh foirne go dtí tar éis an sprioc-ama.

Tuairiscítear go bhfuil thart ar195,000 fostaí ar an iomlán, sin méadú thart ar 2,700 ó 2013. I mbliana don chéad uair ó thosaíodh ar shonraí a bhailiú tharla méadú ó bhliain go chéile.

Go ceann na bliana atá romhainn níor mhór do chomhlachtaí poiblí díriú ar an earcaíocht. Tá deis ann leas a bhaint as breis gníomhaíocht earcaíochta chun cabhrú le comhlachtaí sprioc 3% a bhaint amach. Dóibh siúd a sharaíonn an sprioc faoi láthair, socrófar scóip éigin chun déileáil le daoine ag dul ar scor. Ba chóir do chomhlachtaí poiblí a chinntiú go seasann a gcuid gníomhaíochtaí earcaíochta an 'triail mhíchumais' ionas go mbeidh cothrom na Féinne ar fáil do lucht míchumais maidir lena gcumas a léiriú.

1 Príomhthorthaí do 2014

1.1 Sáraíodh an sprioc 3% don 4ú bliain as a chéile

Don cheathrú bliain as a chéile sháraigh líon iomlán an lucht míchumais sa tseirbhís phoiblí an sprioc 3% (feach Tábla). Tharla méadú ar an líon iomlán fostaithe agus ar an líon lucht míchumais ón mbliain 2013. Tá 195,278 fostaí ar fad ann, sin méadú 2,703 (1.4%) ar fhigiúr 2013. Tá 6,771 fostaí ar fad faoi mhíchumas, sin méadú 307 (4.7%) ar fhigiúr 2013.

Seo an líon is mó fostaithe faoi mhíchumas a taifeadadh ó cuireadh tús leis an bpróiseas um mhonatóireacht reachtúil. Tar éis do líon foireann na seirbhíse poiblí a bheith ag dul i léig, don chéad uair i 2014 tháinig méadú ar an líon fostaithe san earnáil phoiblí ón bhliain anuraidh.

Tábla 1: I dtreo Sprioc 3%, 2007-2014

Bliain	Foireann iomlán	Líon foirne tuairiscithe faoi mhíchumas	% den bhfoireann iomlán
2007	238,833	5,879	2.5%
2008	229,000	6,083	2.7%
2009	219,653	6,380	2.9%
2010	210,249	5,748	2.7%
2011	205,067	6,171	3.1%
2012	197,588	6,611	3.3%
2013	192,575	6,464	3.4%
2014	**195,278**	**6,771**	**3.5%**

1.2 Anailís de reir cineál comhlacht poiblí

Cuireadh sonraí 2014 i gcúig cinn de chatagóirí comhlachtaí poiblí ar aon dul le blianta eile:

- comhlachtaí tráchtála,
- ranna rialtais,
- comhlachtaí údarás áitiúla,
- comhlachtaí neamhthráchtála poiblí agus
- comhlachtaí poiblí faoi státseirbhísigh.

Comhlachtaí Tráchtála

Is iad na comhlachtaí tráchtála ná na comhlachtaí stáit iompair agus fuinnimh mar a raibh 18.6% líon an lucht oibre san earnail phoiblí i 2014. Léiríonn sonraí 2014 méadú 744 go 36,268 cé go raibh laghdú beag 12 go 1,526 (4.2%) ar lucht míchumais.

Ar an iomlán shroich 67.7% na gcomhlachtaí sa chatagóir seo an sprioc, ar aon dul le figiúr 2013 (féach Tábla 2).

Ranna Rialtais

Tá thart ar dhuine as gach deichniúr san earnáil phoiblí ag obair i roinn rialtais. I 2014 bhí 20,134 agus 4.3% (874) luaite faoi mhíchumais, ar aon dul le figiúirí 2013.

Ar an iomlán sháraigh 17 roinn an sprioc don tríú bliain as a chéile.

Rialtas Áitiúil

Tá 15.4% den earnáil phoiblí ag obair san earnáil údarás áitiúla, cuimsítear comhairlí contae is cathrach agus comhlachtaí eile údarás áitiúla. Léiríonn tuairisc 2014 an nascadh a rinneadh ar chomhairlí sna ceantair Luimnigh, Phort Láirge agus Tiobraid Árann.

I 2014, san earnáil seo bhí 30,087 fostaí agus luadh míchumas le 4.6% díobh (1,377), meadú ó 4.0% na bliana anuraidh. Seo laghdú 381 ball foirne i gcomparáid le 2013 agus méadú 154 luaite faoi mhíchumas.

Ar an iomlán sháraigh 85.3% sa chatagóir seo an sprioc i gcomparáid le 75.6% i 2013.

Comhlachtaí Neamhthráchtála

Seo an earnáil is mó sa tseirbhís phoiblí mar a bhfuil beagnach a leath den lucht iomlán oibre. Is anso atá an fostóir is mó acu, Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (HSE). San earnáil seo freisin tá comhlachtaí eile sláinte, na hInstitiúidí Teicneolaíochta, comhlachtaí cultúrtha mar An Ceoláras Náisiúnta agus comhlachtaí comhairlitheach mar Údarás Sábháilteacht Bia na hÉireann.

Thuairiscíodh an tÚdarás Maoirseachta Iniúchta agus Cuntasaíochta na hÉireann faoin earnáil seo. Don bhliain 2014, mhínigh siad nach 'comhlacht phoiblí' iad ó thaobh sainmhíniú de san Acht Mhíchumais agus nach ndéanfar amhlaidh ón mbliain 2014 ar aghaidh.

I 2014 bhí 97,153 fostaí san earnáil seo agus 2.6% (2,574) luaite faoi mhíchumas, méadú an-bheag ó 2.5% ó anuraidh. I gcomparáid le figiúirí 2013 figures, tháinig méadú ar líon foirne san earnáil seo (+5,214) agus ar an líon fostaí luaite faoi mhíchumas (+235).

Ar aon dul le 2013, seo í an t-aon earnáil amháin nár shroich an sprioc mar 3% i 2014.

Ar an iomlán sháraigh 61.2% sa chatagóir seo an sprioc i gcomparáid le 39.4% i 2013. Is fíor, áfach, gur bhain cuid den mhéadú le díobhadh na mBord Forbartha Contae agus Cathrach i 2013. Sna hathruithe úd cuimsíodh 35 áisínteacht éagsúla a rugadh isteach i bhfoireann údarás áitiúla.

Comhlachtaí Poiblí faoi Státseirbhísigh (PBCS)

Sna háisínteachtaí seo tá thart ar 6% den lucht oibre san earnáil phoiblí. San earnáil tá comhlachtaí mar a bhfuil foireann státseirbhíseach mar shampla An Bord Pleanála, Na Coimisinéirí Ioncaim, An Phríomh-Oifig Staidrimh agus an Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta.

Tuairiscíodh foireann shibhialta An Garda Síochána sa chatagóir seo cheana. Is fíor, áfach, de réir comhairle dlíthiúil le déanaí, nach clúdaítear iad siúd faoi Alt 5 den Acht ó fheidhmíodh Acht an Gharda Síochána 2005. Dhearbhaigh an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais go réiteofar an cheist teicniúil seo i 2016 i gcomhthéacs leasuithe a bheidh riachtanach ar reachtaíocht mhíchumais is iad siúd le daingniú ag CRPD na NA.

I 2014 bhí 11,636 fostaí san earnáil seo agus 3.6% (420) luaite faoi mhíchumas. I gcomparáid le figiúirí 2013 tháinig laghdú ar an líon fostaithe (-2,889) agus ar an líon foirne luaite faoi mhíchumas (-67). Is fíor, áfach, gur tháinig méadú ar an gcéatadán iomlán foirne luaite faoi mhíchumas ó 3.4% go 3.6%.

Ar an iomlán shroich 65.1% na gcomhlachtaí sa chatagóir seo an sprioc, i gcomparáid le 61.7% i 2013.

Tábla 2: Sonraí de réir cineál comhlachta poiblí 2013, 2014

Cineál comhlacht san earnáil phoiblí	Iomlán foirne	Líon foirne faoi mhíchum-as	% foirne faoi mhíchumas	% lucht iomlán oibre	% comh-lacht a shroich an sprioc	Líon Comh-lacht Poiblí
Tráchtála 2014	36,268	1,526	4.2%	18.6%	67.7%	31
Tráchtála 2013	35,524	1,538	4.3%	18.5%	67.7%	31
Athrú 2013/14	+ 744	-12	-.01%	+0.1%	-	-
Roinn Stáit 2014	20,134	874	4.3%	10.3%	100.0%	17
Roinn Stáit 2013	20,119	877	4.4%	10.5%	100.0%	17
Athrú 2013/14	+15	-3	-0.1%	-0.2%	-	-
Rialt. Áitiúil 2014	30,087	1,377	4.6%	15.4%	85.3%	34
Rialt. Áitiúil 2013	30,468	1,223	4.0%	15.8%	75.6%	41
Athrú 2013/14	-381	+154	+0.6%	-0.4%	+9.7%	-7
Neamhthrá. 2014	97,153	2,574	2.6%	49.8%	61.2%	98
Neamhthrá.2013	91,939	2,339	2.5%	47.7%	39.4%	103
Athrú 2013/14	+5,214	+235	+0.1%	2.1%	+21.8%	-5
PBCS 2014	11,636	420	3.6%	6.0%	65.1%	43
PBCS 2013	14,525	487	3.4%	7.5%	61.7%	47
Athrú 2013/14	-2,889	-67	+0.2%	-1.5%	+3.4%	-4
Iomláin 2014	195,278	6,771	3.5%	100%	69.5%	223
Iomláin 2013	192,575	6,464	3.4%	100%	55.7%	239
Athrú 2013/14	+2,703	+307	+0.1%	-	+13.8%	-16

Achoimre

Mar achoimre léiríonn sonraí 2014 méadú ar an líon iomlán foirne san earnáil phoiblí (+2,703) chomh maith le méadú ar an líon iomlán fostaithe faoi mhíchumas (+307). Athru é seo ar an bpatrún mar a mbíodh laghdú ag teacht in aghaidh na bliana ar an líon iomlán foirne ó thús taifeadadh ar an sonraí seo (2007). Ar an lámh eile, bhíodh an líon fostaithe luaite faoi mhíchumas suas agus síos.

Is san earnáil neamhthráchtála amháin a tháinig méadú ar an líon iomlán foirne agus ar an líon fostaithe faoi mhíchumas. Tháinig laghdú 381 ar an líon iomlán san earnáil ach bhí méadú 154 orthusan a bhí faoi mhíchumas.

1.3 Anailís de reir méid comhlacht poiblí

Tábla 3: Sonraí de reir méid comhlacht poiblí 2014

Iomlán foirne	Líon Comh-lacht Poiblí	Iomlán foirne	Líon foirne faoi mhíchumas	% foirne faoi mhíchum-as	% lucht iomlán oibre	% lucht iomlán oibre faoi mhíchum-as
1-99	93	3,388	148	4.4%	1.7%	2.2%
100 -999	97	40,140	1,650	4.1%	20.6%	24.4%
1,000 -4,999	27	56,392	2,129	3.8%	28.9%	31.4%
5,000 +	6	95,358	2,844	3.0%	48.8%	42%
Total 2014	224	195,278	6,771	3.5%	100%	100%

Comhlachtaí poiblí ag a bhfuil foireann faoi bhun 100

Níl ach 93 comhlacht san earnáil phoiblí ag a bhfuil foireann faoi bhun 100 agus sin go díreach faoi bhun 2% an lucht iomlán oibre. Sa chatagóir seo tá 3,388 duine, agus 4.4% (148) luaite faoi mhíchumas. Sin beagán os cionn 2% an lucht iomlán oibre atá luaite faoi mhíchumas.

Comhlachtaí poiblí ag a bhfuil foireann idir 100 agus 999

Is sa chatagóir seo atá an líon is mó comhlachtaí poiblí (97) agus sin beagán os cionn 20% an lucht iomlán oibre. Ar an iomlán tá 40,140 duine agus 4.1% (1,650) luaite faoi mhíchumas. Sa chatagóir seo tá go díreach faoi bhun an cheathrú chuid den lucht iomlán oibre atá luaite faoi mhíchumas.

Comhlachtaí poiblí ag a bhfuil foireann idir 1,000 agus 4,999

Tá 27 comhlacht poiblí ag a bhfuil idir 1,000 agus 4,999 foirne agus sin go díreach faoi bhun 30% an lucht iomlán oibre. Fostaítear 56,392 duine agus 3.8% (2,129) luaite faoi mhíchumas. Sa chatagóir seo tá 31.4% den lucht iomlán oibre atá luaite faoi mhíchumas.

Níl ach dhá chomhlacht poiblí sa chatagóir seo nár shroich an sprioc 3%:

- Ospidéal Beaumont 2.4%
- An Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach (TUSLA) 0.6%

Comhlachtaí poiblí ag a bhfuil foireann os cionn 5,000

Is sa chatagóir seo atá an líon is mó comhlachtaí poiblí (6) agus an céatadán is mó den lucht iomlán oibre (48.8%). Fostaítear 95,358 duine agus 3% (2,844) luaite faoi mhíchumas. Tá 42% den bhfoireann iomlán san earnáil phoiblí luaite faoi mhíchumas sna comhlachtaí móra poiblí seo.

Ag seo na comhlachtaí poiblí atá sa chatagóir maraon le céatadáin na bhfostaithe luaite faoi mhíchumas:

- An Post 5.0%
- An Roinn Coimirce Sóisialaí 4.7%
- Comhairle Cathrach BÁC 5.6%
- Bord Soláthair an Leictreachais 5.3%
- Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte 2.1%
- Na Coimisinéirí Ioncaim 2.5%

Achoimre

Ó thaobh méid de, is léir go bhfuil patrún ann gurb ins na comhlachtaí is mó atá nach mór a leath den bhfoireann iomlán san earnáil phoiblí. Tá méadú san earnáil 5,000+ ón mbliain 2010 ó thaobh céatadán lucht míchumais de agus sroicheadh an sprioc i 2014. Don chéad uair shroich gach aon chatagóir an sprioc 3%. Cúis mhór leis sin ab ea méadú san FSS, Comhairle Chathrach Baile Átha Cliath agus BSL.

1.4 Deachleachtais in earcú agus coimeád

Ina dtuairiscí don bhliain 2014 luaigh scata comhlachtaí poiblí deachleachtais nuálacha nó suimiúla maidir le fostaithe faoi mhíchumas a earcú agus a choimeád. Ar na gnímh úd bhí:

- Socruithe oibre, lean ceapacháin chiallmhara cuid díobh siúd;
- Intéarnachtaí agus foghlaim is taithí oibre á soláthar;
- Deiseanna fostaíochta do lucht míchumais á gcur chun cinn ag comhlachtaí poiblí a bhí ag plé le heagraíochtaí míchumais;
- Oiliúint um fheasacht mhíchumais;
- Feabhas ar chóiríocht chun cur le hinrochtaineacht is le cuimsiú sa timpeallacht oibre;
- Socruithe solúbtha oibre.

Tionchar an Chlár um Dhíriú ar Thacaíochtaí

Bhunaigh an tÚdarás Náisiunta Míchumais Clár um Dhíriú ar Thacaíochtaí nuair a roghnaíodh ocht gcinn de chomhlachtaí mhóra poiblí tar éis tuairisc Cuid 5 don bhliain 2010. Shroich 6 cinn díobh an sprioc 3%, tá ceithre cinn acu anois ag tuairisciú 3% nó os a chionn don tarna bliain as a chéile.

Tábla 4 – Comhlachtaí móra poiblí a roghnaíodh

Comhlacht Phoiblí	% 2010	% 2014
DIT	1.0%	4.3%
FSS	1.2%	2.1%
IT Chorcaí	1.5%	4.5%
Comhairle Chathrach BÁC	2.1%	5.0%
Iarnród Éireann	2.1%	3.1%
Bus Átha Cliath	2.1%	4.8%
daa plc (Údarás Aerfort BÁC mar a bhí)	2.2%	3.4%
Foireann Shibhialta an Gharda	2.4%	N/A

2. An Próiseas Monatóireachta

2.1 Sprioc-amanna tuairisce

Maidir le tuairisciú sonraí ó na Coistí Monatóireachta chuig an Údarás Náisiúnta Míchumais, chuaigh an gheilliúlacht don sprioclá 30 Meitheamh i leig ón mbliain seo caite. Bhí trí choiste monatóireachta an-dhéanach ar fad i mbliana:

- An Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta – 30 Iúil 2015
- An Roinn Comhshaoil, Pobal agus Rialtais Áitiúil – 5 Lúnasa 2015
- An Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige – 24 Lúnasa 2015

Tluaigh an Roinn Comhshaoil, Pobal agus Rialtais Áitiúil gur bhain an mhoill le hathrú pearsanra le blianta anuas. Seo an tarna uair don roinn úd a bheith an-dhéanach.

Go luath i mí Iúil luaigh an Roinn Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige nár sholáthraigh An Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach (TUSLA) aon tuairisc, gur bunaíodh í go luath i 2014 agus gur aistríodh an-chuid foirne ó FSS. Rinne TUSLA daonáiremh foirne mí Lúnasa 2015 agus fuarthas torthaí na Roinne ar an 24 Lúnasa 2015.

Is cás leis an NDA an neamhghéilliúlacht i mbliana do phróiseas tuairiscthe a bunaíodh ar bhonn reachtúil. Féachfaidh an NDA ar roghanna cuí chun plé leis sin le Coistí Monatóireachta Ranna as seo amach.

2.2 Géilliúlacht don Acht - 2012 agus 2013

Ligeann Cuid 5 den Acht Mhíchumais 2005 don NDA teacht ar chinneadh neamhghéilliúlacht don Acht ag comhlachtaí poiblí. D'fhéadfaí an cinneadh um neamhghéilliúlacht a bhunú ar theip le dhá bhliain as a chéile

- an sprioc 3% a bhaint amach gan chúis mhaith chuige sin,
- bearta réasúnta a chur i gcrích chun tacú le fostaíocht do lucht míchumais agus í a chur chun cinn,

nó

- teip ar bhaint leis an bpróiseas reachtúil tuairiscthe

Forálann Alt 49 den Acht Mhíchumais 2005 gur feidir leis an NDA iarratas reachtúil a dhéanamh chun eolas a lorg ó aon chomhlacht i dtreo géilliúlacht le Cuid 5 den Acht a chinntiú, tar éis dul i gcomhairle leis an Aire líne cuí. Ar dhul siar ar thuairiscí 2012 agus 2013 is ar fhreagraí ar iarratais ar eolas, d'eisigh an

NDA iarratais reachtúla chuig cúig chomhlacht phoiblí chun géilliúlacht don Acht a mheas.

Tar éis athbhreithniú a dhéanamh ar fhreagraí ar iarratais reachtúla ar eolas, is í tuairim an NDA nár ghéill Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte don Acht an dá bhliain úd. Tar éis cead a fháil ón Aire Sláinte, d'iarr an NDA ar an FSS bearta faoi leith a chur i gcrích i dtreo géilliúlacht don Acht.

2.3 Géilliúlacht don Acht - 2013 agus 2014

Tar éis athbhreithniú a dhéanamh ar thuairiscí 2013 agus 2014, tá an NDA sásta go bhfuil roinnt comhlachtaí poiblí nár éirigh leo an sprioc 3% a bhaint amach le dhá bhliain as a chéile anois tar éis an beart a dhéanamh. Orthusan tá

- daa plc (Údarás Aerfort BÁC mar a bhí)
- Coláiste Náisiúnta Ealaíon agus Deartha
- Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath
- Institiúid Teicneolaíochcta Chorcaí

Is maith leis an NDA gur éirigh leis na comhlachtaí poiblí seo an sprioc 3% a bhaint amach.

Tá an NDA buartha faoi roinnt comhlachtaí móra poiblí a bhí faoi bhun an sprioc 3% le dhá bhliain as a chéile, 2013 agus 2014. Orthusan bhí:

- Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim
- Ospidéal Beaumont
- Comhairle Contae Shligigh
- Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre
- Gníomhaireacht um Fháil Iarnród
- Seirbhís Fuilaistriúcháin na hÉireann
- Comhairle Contae Cheatharlach

Tá an NDA ag plé leo siúd is le comhlachtaí eile poiblí chun breis eolas a lorg nó chun treoir a thabhairt maidir le féidearthachtaí a bhféadfa í a chur i gcrích i dtreo geilliúlachta.

2.4 Gnó an Choiste Monatóireachta

Is léir nach hionann ar chor ar bith an leibhéal plé a bhíonn ag Coistí áirithe Monatóireachta Roinne leis an bpróiseas reachtúil. Dealraíonn sé nach dtarlaíonn cruinnithe ar bhonn rialta, má bhíonn cruinnithe in aon chor ann, is nach mbíonn cothroime ag baint leo. Bíonn Coistí eile ann a bhíonn dáiriíre maidir lena

bhfreagracht sna cúrsaí seo, daingnítear na sonraí a thagann isteach chugainn agus tugtar a mbreithiúnas féin orthu.

Tá sé i gceist ag NDA dul ag plé leis na Coistí Monatóireachta an bhliain seo chugainn lena chinntiú go mbíonn na tuairiscí a sheoltar ar bhonn bailí, cruinn is go léirítear iontu tuairimí na gCoistí Monatóireachta.

2.5 Maolú

Áirítear na céatadáin go léir ceart go dtí an chéad deachúil.

2.6 Dearmaid – athruithe tar éis dáta foilsithe

Faoi láthair níl aon athrú ar an sonraí foilsithe.

3. Na Sonraí a thuiscint

Fáiltíonn NDA roimh an méadú beag go 3.5% ar an gceatadán iomlán agus 307 duine breise faoi mhíchumas anois fostaithe. Bhain an chuid ba mhó (90%) den mhéadú úd le líon beag comhlachtaí mar a leanas:

- Ospidéal Naoimh Shéamais (94)
- FSS (57)
- Comhairle Cathrach Baile Átha Cliath (147)

Maidir le foireann faoi mhíchumas a thuairiscíodh cheana, tharla an t-aon laghdú ba mhó i bhfoireann shibhialta An Garda Síochána. De réir comhairle dlíthiúil ón Roinn Dlí agus Cirt ní chlúdaítear iad siúd a thuilleadh faoi Alt 5 den Acht. Dá dheasca fágadh ar lár ó na sonraí 70 duine faoi mhíchumas a tuairiscíodh i 2013.

I mbliana don chéad uair ó thosaíodh ar shonraí a bhailiú sa bhliain 2006 tharla méadú ó bhliain go chéile. Mhéadaigh de réir a cheile ar chéatadán na bhfostaithe faoi mhíchumas in aghaidh na bliana, níor tharla laghdú ach amháin sa bhliain 2010.

3.1 Athruithe de réir cineál earnála

Tharla méadú 154 ar líon na bhfostaithe faoi mhíchumas san earnáil Rialtais Áitiúil, b'shin méadú mór go leor ó 4.0% go 4.6%. Baineann an méadú don chuid is mó le Comhairle Cathrach Baile Átha Cliath (+147).

In earnála eile níor tharla ach athruithe beaga, is fíor go raibh méadú beag san earnáil Neamhthráchtála go 2.6%, is í seo an t-aon earnáil atá fós faoi bhun an sprioc 3%.

3.2 Athruithe de réir méid na Comhlachta

I mbliana shroich gach catagóir de réir méid an sprioc 3%. Bhog an catagóir 5,000+ ó 2.9% i 2013 go 3.0% i 2014. Is sa chatagóir seo atá nach mór a leath den bhfoireann iomlán san earnáil phoiblí.

3.3 Athruithe is mó fostaithe faoi mhíchumas tuairiscithe

Luaigh seacht gcinn de chomhlachtaí poiblí méadú os cionn 15 ball foirne faoi mhíchumas i mbliana:

- Bord Soláthair an Leictreachais (16)
- Ospidéal Adelaide agus an Mhí (20)
- daa plc, Údarás Aerfort BÁC mar a bhí (24)

- Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath (34)
- Feidhdmeannacht na Seirbhíse Sláinte (57)
- Ospidéal San Shéamais (94)
- Comhairle Cathrach Baile Átha Cliath (147)

Bhí an earnáil sláinte gníomhach go leor ó thaobh fostaíochta de, rud arbh fhéidir a chuir le méadú ar an líon fostaithe san FSS agus ins an dá ospidéal thuasluaite.

I 2014 d'fhill Comhairle Cathrach Baile Átha Cliath ar an nós a bhíodh acu chun an líon fostaithe a chomhaireamh, tar éis athrú a chur air i 2013. Is é is dóichí gurbh é an feabhas ar an gcomhaireamh ba chúis leis an meadú ar líon na Comhairle seachas méadú i bhfírinne ar an líon lucht míchumais.

Níor luaigh ach trí cinn de chomhlachtaí poiblí laghdú foirne os cionn 15 duine faoi mhíchumas:

- Raidió Teilifís Éireann (18)
- SOLAS – An tSeirbhís Oideachais Leanúnaigh agus Scileanna (21)
- An Post (29)

D'aistrigh líon suntasach foirne ó SOLAS go dtí na Boird Oideachais agus Oiliúna le linn 2014, is dócha go mbainfeadh sé sin leis na torthaí úd.

4. An Turas Amach Romhainn

4.1 Straitéis Chuimsitheach Fhostaíochta

Tá tiomantas do Lucht Míchumais sa Straitéis Chuimsitheach Fhostaíochta do Lucht Míchumas a d'fhoilsigh an Rialtas mí Dheireadh Fómhair 2015. Táthar chun tabhairt faoi chur chuige gníomhach maidir le lucht míchumais, san áireamh beidh scrúdú ar shamhail eile earcaíochta dóibh agus smaoineamh ar chomórtais speisialta do lucht míchumais. Dírítear go díograiseach sa straitéis ar an sprioc fostaíochta mar 3% a ardú ar bhonn céimneach go 6% faoin mbliain 2024.

4.2 Gníomh Molta – Earcaíocht

Níl sé soiléir ó na haighneachtaí cineálacha go gcuirtear an sprioc 3% san áireamh i bpróisis phleanála um lucht oibre. De réir mar a scaoiltear leis an mbac earcaíochta a bhí i bhfeidhm le blianta beaga anuas, tá deis suntasach ann lena chinntiú go mbeirtear lucht míchumais isteach san earnáil phoiblí. Ní tharlóidh a leithéid de ghníomh a los éagmaise. Ní mór do lucht sinsir bainistíochta díriú ar an ngnó is tús áite a thabhairt dó, agus caithfear cur chuige nua a chur i gcrích don earcaíocht. Ar na modhanna úd bheadh an méid seo a leanas:

- Díriú ar fholúntais a fhógairt
- Oiliúint um chomhionannas agus míchumas do bhaill phainéal agallamh
- Scéimeanna taithí oibre mar an clár WAM ag AHEAD – Toilteanach, Gníomhach, Comhairle nó intéarnachtaí tacaithe a bheadh ar aon dul leis an samhail Tionscnamh Cuardaigh atá ar siúl in Ospidéal An Nás
- Róil áirithe a aithint is a ainmniú mar chinn a bheadh oiriúnach ach go háirithe do lucht míchumais
- Ple le comhlachtaí proifisiúnta, le coláistí is le hollscoileanna lena chinntiú go mbíonn soláthar daoine faoi mhíchumas ag teacht chun cinn is iad cáilithe le haghaidh na bpost cuí.

Beidh tionchar nach beag ag an deis a bhainfidh leis an saghas seo earcaíochta ar stádas fostaithe faoi mhíchumas go ceann glúin eile. Muna nglactar leis an deis anois, bheadh sé rídheacair an sciar san earnáil phoiblí a choimeád suas, go mórmhór nuair a bheidh an dream a earcaíodh nuair a bunaíodh an sprioc 3% sna 1970idí agu dul ar scor. Gan chur chuige an-ghníomhach earcaíochta bheadh sé rídheacair freisin na spriocanna níos airde a leagfar síos sa Straitéis Chuimsitheach Fhostaíochta do Lucht Míchumas a bhaint amach.

4.3 Feabhas ar cháilíocht an eolais fhaighte

Ní bhfuarthas aon fhreagra cinnte ar an iarratas ón NDA ar idirdhealú a dhéanamh idir pholasaithe leanúnacha a tharla i rith bliain an fhéilire. Bhí líon an-bheag comhlachtaí cinnte faoi cineálacha éagsúla gníomh ach ar an mórgcóir ní rabhthas.

Bhí tuiscintí difriúla ar cheist 2.6 'Céatadán fostaithe a d'fhreagair an daonáireamh foirne'. Cheap comhlachtaí áirithe gur bhain sé sin le 'líon na bhfreagraí don bhliain is deanaí', ach cheap dream eile gur 'ráta carnach freagartha thar roinn blianta' a bhí i gceist ansiúd.

Bhí tuairimi difriúla freisin faoi cheist 2.4 "An ndearnadh Daonáireamh Foirne i measc fostaithe ar an 31 Nollaig 2014?" Bhí eagraíochtaí a thug freagra dearfach uirthi sin toisc gur tharla daonáireamh bliain éigin roimhe sin is go ndearnadh uasdátú ar athruithe foirne le blianta beaga anuas. Is chun a fháil amach cé hiad na heagraíochtaí a rinne daonáireamh i bhfírinne lena linn sin – a d'iarr ar gach ball foirne a stádas a chur in iúl – a ceapadh an cheist úd.

Beidh an NDA ag scrúdú bealaí chun na foirmeacha mar atá a cheartú chun déileáil leis na ceisteanna a luadh anso thuas agus oibreofar leis an gCoiste Monatóireachta chun eifeachtúlacht an phróiseas a fheabhsú sna blianta atá romhainn amach.

Aguisín A – Ranna Rialtais

		2014		2013	
Comhlachtaí Poiblí	**Iomlán foirne**	**Líon faoi mhíchum-as**	**% faoi mhíchum-as**	**Líon faoi mhíchum-as**	**% faoi mhíchum-as**
An Roinn					
Talmhaíochta, Bia & Mara	3,191	117	3.7%	117	3.5%
Ealaíon, Oidhreachta & Gaeltachta	597	20	3.4%	19	3.4%
Leanaí & Gnóthaí Óige	156	11	7.0%	10	6.7%
Cumarsáide, Fuinnneamh & Acmhainní Nádúrtha	265	9	3.4%	11	4.1%
Cosanta	337	16	4.8%	16	4.6%
Cosanta – Fostaithe Sibhialta	515	25	5.3%	30	5.6%
Oideachais & Scileanna	1,287	45	3.5%	43	3.3%
Comhshaoil, Pobal & Rialtais Áitiúil	759	35	4.6%	36	4.6%
Airgeadais	321	11	3.4%	14	4.6%
Gnóthaí Eachtracha & Trádála	1,440	52	3.6%	54	3.7%
Sláinte	365	12	3.3%	14	3.7%
Post, Fiontar & Nuálaíochta	799	44	5.5%	47	6.0%
Dlí & Cirt & Comhionannais	1,616	86	5.3%	95	5.3%
Caiteachais Phoiblí & Athchóirithe	870	30	3.4%	22	4.3%
Coimirce Sóisialaí	6,962	327	4.7%	315	4.5%
an Taoisigh	196	13	6.6%	11	5.7%
Iompair,Turasóireacht & Spóirt	458	21	4.6%	23	4.8%
Iomlán	**20,134**	**874**	**4.3%**	**877**	**4.4%**

Aguisín B – Comhlachtaí poiblí

Nóta: Is faoin Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe a bhíonn na comhlachtaí poiblí mar a bhfostaítear statseirbhísigh

An Roinn Talmhaíochta, Bia & Mara

			2014		2013
Comhlachtaí Poiblí	**Iomlán foirne**	**Líon faoi mhíchum-as**	**% faoi mhíchum-as**	**Líon faoi mhíchum-as**	**% faoi mhíchum-as**
Bord Bia	95	1	1.1%	1	1.1%
Bord Iascaigh Mhara	123	3	2.4%	2	1.6%
Bord na gCon	175	7	4.0%	7	4.1%
Coillte	562	33	5.9%	31	5.4%
Rásaíocht Capall Éireann	177	8	4.5%	5	3.0%
Graí Náisiúnta na hÉireann	66	0	0.0%	0	0.0%
Foras na Mara	175	8	4.6%	11	6.2%
Gníomhaireacht Náisiúnta Bainne	5	0	0.0%	0	0.0%
Údarás Cosaint Iascaigh Mhara	87	5	5.7%	5	5.5%
Teagasc	1,208	46	3.8%	57	5.0%
Comhairle Tréidliachta	5	0	0.0%	0	0.0%

An Roinn Ealaíon, Oidhreachta & Gaeltachta

			2014		2013
Comhlachtaí Poiblí	**Iomlán foirne**	**Líon faoi mhíchum-as**	**% faoi mhíchum-as**	**Líon faoi mhíchum-as**	**% faoi mhíchum-as**
An Chomhairle Ealaíon	47	1	2.1%	1	2.3%
Leabharlann Chester Beatty	30	0	0.0%	1	3.3%
Áiléar Crawford	18	3	16.7%	3	16.7%
Foras na Gaeilge	47	1	2.1%	0	0.0%
An Chomhairle Oidhreachta	14	1	7.1%	1	7.1%
Bord Scannán na hÉireann	17	1	5.9%	1	5.9%
Áras Nua-Ealaíne na hÉireann	66	3	4.5%	3	4.5%
An Ceoláras Náisiúnta	89	5	5.6%	5	5.6%
Gailearaí Náisiúnta na hÉireann	108	5	4.6%	3	2.8%
Leabharlann Náisiúnta na hÉireann	95	8	8.4%	9	9.4%
Ard- Mhúsaem na hÉireann	150	10	6.7%	10	6.4%
Údarás na Gaeltachta	81	4	4.9%	4	4.9%
Boord o Ulster-Scots	17	0	0.0%	0	0.0%
Uiscebhealaí Éireann	233	9	3.9%	9	3.8%

An Roinn Leanaí & Gnóthaí Óige

			2014		2013
Comhlachtaí Poiblí	**Iomlán foirne**	**Líon faoi mhíchum-as**	**% faoi mhíchum-as**	**Lion faoi mhíchum-as**	**% faoi mhíchum-as**
Gníomhaireacht um Leanaí & an Teaghlach (TUSLA)	4,035	26	0.6%	Comhlacht nua do 2014	
Gníomhaireacht um Thacaíocht Teaghlaigh	Anois istigh le tuairiscí TUSLA			0	0.0%
Bord Náisiúnta um Leas Oideachais				3	3.3%
Campaí Leanaí Bhaile an Oibricigh	256	2	0.8%	0	0.0%

An Roinn Cumarsáide, Fuinneamh & Acmhainní Nádúrtha

			2014		2013
Comhlachtaí Poiblí	**Iomlán foirne**	**Líon faoi mhíchum-as**	**% faoi mhíchum-as**	**Líon faoi mhíchum-as**	**% faoi mhíchum-as**
An Post	8,878	444	5.0%	473	5.2%
Bord na Móna	1,779	60	3.4%	65	3.6%
Údarás Craolacháin na hÉireann	35	0	0.0%	1	2.8%
An Coimisiún um Rialáil Cumarsáide (ComReg)	110	4	3.6%	4	3.6%
An Coimisiún um Rialáil Fuinnimh (CER)	86	8	9.3%	7	8.4%
EirGrid Plc	345	17	4.9%	15	4.3%
Bord Soláthair an Leictreachais (ESB)	5,745	302	5.3%	286	5.2%
Ervia/Greasán Gáis na hÉireann	808	24	3.0%	36	3.4%
Iascach Intíre Éireann	306	15	4.9%	15	4.7%
Suirbhéireacht Ordanáis Éireann (OSI)	233	7	3.0%	8	3.3%

An Roinn Cumarsáide, Fuinneamh & Acmhainní Nádúrtha

			2014		2013
Comhlachtaí Poiblí	**Iomlán foirne**	**Líon faoi mhíchum-as**	**% faoi mhíchum-as**	**Líon faoi mhíchum-as**	**% faoi mhíchum-as**
Raidió Teilifís Éireann (RTÉ)	1,899	68	3.6%	86	4.6%
Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann	51	2	3.9%	1	1.9%
TG4	83	3	3.6%	3	3.6%
An Mol Digiteach	10	0	0.0%	0	0.0%

An Roinn Oideachais & Scileanna

			2014		2013
Comhlachtaí Poiblí	**Iomlán foirne**	**Líon faoi mhíchum-as**	**% faoi mhíchum-as**	**Líon faoi mhíchum-as**	**% faoi mhíchum-as**
IT Átha Luain	672	21	3.1%	23	3.3%
IT Chorcaí	1,461	66	4.5%	56	3.8%
IT Bhaile Átha Cliath	1,997	86	4.3%	52	2.7%
Institiúid Ealaíne, Deartha & Teicneolaíochta Dhún Laoghaire	268	8	3.0%	12	4.5%
IT Dhún Dealgan	581	26	4.5%	26	4.5%
IT na Gaillimhe-Maigh Eo	657	24	3.7%	24	3.7%
IT Baile Bhlainséir	278	11	4.0%	12	4.6%
IT Cheatharlach	676	33	4.9%	27	4.2%
IT Sligeach	495	18	3.6%	14	2.9%
IT Tamhlacht	489	7	3.9%	19	4.3%

An Roinn Oideachais & Scileanna

			2014		2013
Comhlachtaí Poiblí	**Iomlán foirne**	**Líon faoi mhíchum-as**	**% faoi mhíchum-as**	**Líon faoi mhíchum-as**	**% faoi mhíchum-as**
IT Trá Lí	362	13	3.6%	13	3.7%
Léargas	36	1	2.8%	1	2.9%
IT Leitir Ceanainn	338	16	4.7%	16	4.6%
IT Luimnigh	613	26	4.2%	23	3.6%
Coláiste Náisiúnta Ealaíne is Deartha	133	4	3.0%	4	2.7%
Dearbhú Cáilíochta Cáilíochtaí Éireann	81	1	1.2%	1	1.2%
SOLAS – Seirbhís Oideachais Leanúna & Scileanna	218	12	5.5%	33	3.0%
IT Phort Láirge	899	29	3.2%	29	3.3%

An Roinn Comhshaoil, Pobal & Rialtais Áitiúil

		2014		2013	
Comhlachtaí Poiblí	**Iomlán foirne**	**Líon faoi mhíchum-as**	**% faoi mhíchum-as**	**Líon faoi mhíchum-as**	**% faoi mhíchum-as**
An Bord Pleanála	152	8	5.3%	8	5.1%
Údarás Réigiúnach na Teorann	Anois istigh le tuairiscí Chomhthionól Réigiúnach an Tuaiscirt & an Iarthair			0	0.0%
Comhthionól Reigiúnach Lár Tíre & na Teorann				0	0.0%
Comhairle Contae Cheatharlach	311	9	2.9%	8	2.6%
Comhairle Contae an Chabháin	384	29	7.6%	30	7.7%
Comhairle Contae an Chláir	752	32	4.3%	36	4.6%
Comhairle Cathrach Chorcaí	1,276	52	4.1%	52	3.9%
Comhairle Contae Chorcaí	2,506	81	3.2%	73	2.8%
Comhairle Contae DLR	1,013	45	4.4%	45	4.3%
Comhairle Contae Dhún na nGall	859	33	3.8%	33	3.7%
Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath	5,763	325	5.6%	178	3.0%
Údarás Duga Bhaile Átha Cliath	1	0	0.0%	1	10.0%
An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil	365	16	4.4%	13	4.1%
Comhairle Contae Fhine Gall	1,382	69	5.0%	73	5.1%
Comhairle Cathrach na Gaillimhe	436	25	5.7%	22	4.9%
Contae na Gaillimhe	791	35	4.4%	36	4.6%
Gníomhaireacht Pobal Inmharthana	36	1	2.8%	1	2.6%
Gníomhaireacht Airgeadais Tithíochta	14	0	0.0%	0	0.0%
Uisce Éireann	660	5	0.8%	1	0.6%

An Roinn Comhshaoil, Pobal & Rialtais Áitiúil

			2014		2013
Comhlachtaí Poiblí	**Iomlán foirne**	**Líon faoi mhíchum-as**	**% faoi mhíchum-as**	**Líon faoi mhíchum-as**	**% faoi mhíchum-as**
Sábháilteacht Uisce Éireann	6	0	0.0%	0	0.0%
Co. Contae Chiarraí	1,365	77	5.6%	69	4.9%
Co. Contae Chill Dara	914	63	6.9%	49	5.2%
Co. Co. Chill Chainnigh	528	23	4.4%	24	4.5%
Co. Contae Laoise	375	18	4.8%	10	2.7%
Co. Contae Liatroma	272	8	2.9%	11	4.0%
Comh. Cathrach & Contae Luimnigh	1,180	37	3.1%	Comhlacht nua do 2014	
Comh. Cathrach Luimnigh	Anois istigh le tuairiscí Cathrach & Contae Luimnigh			16	3.3%
Comh. Contae Luimnigh				19	3.1%
Gníomhaireacht Bainistíochta Rial. Áitiúil	97	7	7.2%	6	5.7%
Co. Co. an Longfoirt	286	17	5.9%	16	5.3%
Comhairle Contae Lú	792	35	4.4%	38	5.5%
Comh. Contae Mhaigh Eo	1,114	71	6.4%	76	6.6%
Comhairle Contae na Mí	678	25	3.7%	24	3.6%
Údarás Reigiúnach Oirthir- Láir	Anois istigh le tuairiscí Údarás Réigiúnach Oirthir-Láir			0	0.0%
Údarás Réigiúnach Iarthair- Láir				0	0.0%
Comhairle Contae Mhuineacháin	397	25	6.3%	21	5.2%
Comh. Contae Thiobraid Árann Thuaidh	Anois istigh le tuairiscí Chomhairle Thiobraid Árann			17	3.9%
Comhthionól Réigiúnach anTuaiscirt & an Iarthair	12	0	0.0%	Comhlacht nua do 2014	
Comh. Contae Uíbh Fhailí	391	13	3.3%	14	3.5%

An Roinn Comhshaoil, Pobal & Rialtais Áitiúil

				2014	2013
Comhlachtaí Poiblí	**Iomlán foirne**	**Líon faoi mhíchum-as**	**% faoi mhíchum-as**	**Líon faoi mhíchum-as**	**% faoi mhíchum-as**
Bord um Thionóntachtaí Cónaithe Príobháideacha	19	1	3.2%	0	0.0%
Institiúid um Chosaint Raideolaíoch in Éirinn (RPII)	Anois istigh le tuairiscí an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil			2	4.5%
Comhairle Contae Ros Comáin	429	20	4.7%	18	4.1%
Comhairle Contae Shligigh	437	5	1.1%	7	1.5%
Comhairle Contae Átha Cliath Theas	1,170	36	3.1%	38	3.1%
Comh. Contae Thiobraid Árann Theas	Anois istigh le tuairiscí Comhairle Contae Thiobraid Árann			20	3.2%
Comthionól Réigiúnach an Iardheiscirt	Anois istigh le Comhthionól Réigiúnach an Deiscirt			0	0.0%
Comhthionól Réigiúnach an Deiscirt & an Oirthir				0	0.0%
Comhthionól Réigiúnach an Deiscirt	23	0	0.0%	Comhlacht nua do 2014	
Comhairle Contae Thiobraid Árann	1,089	34	3.1%	Comhlacht nua do 2014	
Comhairle Cathrach & Contae Phort Láirge	973	33	3.4%	Comhlacht nua do 2014	
Comhairle Chathair Phort Láirge	Anois istigh le tuairiscí Comhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge			24	6.9%
Comhairle Contae Phort Láirge				17	3.7%
Coimisiún Forbartha an Iarthair	11	0	0.0%	0	0.0%
Comhairle Contae na hIarmhí	447	21	4.7%	33	7.2%
Comhairle Contae Loch Garman	917	51	5.6%	47	5.1%
Comhairle Contae Chill Mhantáin	728	23	3.2%	23	3.1%

An Roinn Comhshaoil, Pobal & Rialtais Áitiúil

			2014		2013
Comhlachtaí Poiblí	**Iomlán foirne**	**Líon faoi mhíchum-as**	**% faoi mhíchum-as**	**Líon faoi mhíchum-as**	**% faoi mhíchum-as**

An Roinn Airgeadais

			2014		2013
Comhlachtaí Poiblí	**Iomlán foirne**	**Líon faoi mhíchum-as**	**% faoi mhíchum-as**	**Líon faoi mhíchum-as**	**% faoi mhíchum-as**
Gníomhaireacht an Chisteáin Náisiúnta	759	10	1.3%	12	1.8%

An Roinn Sláinte

			2014		2013
Comhlachtaí Poiblí	**Iomlán foirne**	**Líon faoi mhíchum-as**	**% faoi mhíchum-as**	**Líon faoi mhíchum-as**	**% faoi mhíchum-as**
Ospidéal Beaumont	3,419	81	2.4%	77	2.6%
Bord Altranais	Anois istigh le tuairiscí an Bhord Altranais & Cnáimseachais			1	2.3%
An Chomhairle Fiaclóireachta	4	0	0.0%	0	0.0%
Ospidéal Déadach BÁC	206	11	5.3%	8	3.8%
Údarás Sabháilteachta Bia na hÉireann	72	3	4.2%	2	2.8%
Údarás um Fhaisnéis & Cáilíocht Sláinte	182	6	3.3%	6	3.4%
Udarás Árachas Sláinte	11	1	9.1%	1	9.1%
Údaras Rialála Táirgí Sláinte	289	12	4.2%	Comhlacht nua do 2014	
An Bord Taighde Sláinte	59	1	1.7%	1	1.6%

An Roinn Sláinte

			2014		2013
Comhlachtaí Poiblí	**Iomlán foirne**	**Líon faoi mhíchum-as**	**% faoi mhíchum-as**	**Líon faoi mhíchum-as**	**% faoi mhíchum-as**
Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte	61,974	1,293	2.1%	1,236	2.0%
Institiúid Sláinte Poiblí	27	1	3.7%	0	0.0%
Seirbhís Fuilaistriúcháin na hÉireann	601	16	2.7%	14	2.6%
Bord Cógais na hÉireann	Anois istigh le hÚdarás Rialála Táirgí Sláinte			12	4.1%
Ospidéal Pháirc Bhaile na Lobhar	228	18	7.9%	18	7.9%
Comhairle na nDochtúirí Leighis	60	1	1.7%	1	1.5%
Comisiún Meabhair-Shláinte	34	1	2.9%	2	5.7%
An Clárlann Náisiúnta Ailse	51	3	5.9%	4	7.5%
An Ciste Náisiúnta um Cheannach Cóireála	48	0	0.0%	1	3.7%
An Bord Altranais & Cnáimhseachais	43	1	2.3%	Comhlacht nua do 2015	
Cumann Cógaiseoirí na hÉireann	37	1	2.7%	2	6.5%
Comhairle um Chúram Éigeandála Réamhospidéil	11	0	0.0%	0	0.0%
*Saf*efood	29	1	3.4%	0	0.0%
Ospidéal San Shéamais	4,504	291	6.5%	197	5.0%
Ospidéal Adelaide & An Mhí	3,223	107	3.3%	87	2.9%
An Bord Árachas Sláinte Shaorálaigh	1,121	37	3.3%	33	3.1%

An Roinn Post, Fiontar & Nuálaíochta

			2014		2013
Comhlachtaí Poiblí	**Iomlán foirne**	**Líon faoi mhíchum-as**	**% faoi mhíchum-as**	**Líon faoi mhíchum-as**	**% faoi mhíchum-as**
An tÚdarás Iomaíochta	Anois istigh le Coimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí			2	4.3%
Boird Fhiontair Contae & Cathrach x 35	Anois istigh le Foireann Údarás Áitiúla			3	2.2%
Fiontraíocht Éireann	645	19	2.9%	18	2.7%
Forfás	Anois istigh le foireann an Roinn Post, Fiontar & Nuálaíochta			4	5.5%
Údarás Sláinte & Sábháilteachta	174	7	4.0%	6	3.5%
GFT Éireann	307	12	3.9%	11	4.0%
InterTrade Éireann	39	1	2.6%	1	2.4%
Údarás Maoirseachta Iniúchta & Cuntasaíochta na hÉireann	Féach nóta i Mír 1.2 Comhlachtaí Neamhthráchtála			0	0.0%
Údarás um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann (NSAI)	132	6	4.5%	4	3.0%
Bord um Mheasúnú Gortuithe Pearsanta	67	0	0.0%	0	0.0%
Fundúireacht Eolaíochta na hÉireann	49	2	4.1%	2	4.3%
Forbairt na Sionainne	Anois istigh le Grúpa na Sionainne			0	0.0%

An Roinn Dlí & Cirt & Comhionannais

			2014		2013
Comhlachtaí Poiblí	**Iomlán foirne**	**Líon faoi mhíchum-as**	**% faoi mhíchum-as**	**Líon faoi mhíchum-as**	**% faoi mhíchum-as**
Comisiún na hÉireann um Chearta an Duine	Anois istigh le Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine & Comhionannas			0	0.0%
Údarás Náisiúnta Míchumais	33	7	21.2%	7	21.2%

An Roinn Chaiteachais Phoiblí & Athchóirithe

			2014		2013
Comhlachtaí Poiblí	**Iomlán foirne**	**Líon faoi mhíchum-as**	**% faoi mhíchum-as**	**Líon faoi mhíchum-as**	**% faoi mhíchum-as**
An tÚdarás Uchtála	23	0	0.0%	23	0
An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta	3	0	0.0%	3	0
An Coimisinéir Teanga	6	0	0.0%	6	0
An Garda Síochána - HRM Sibhialta	Féach Nóta i Mír 1.2 PBCS			2458	70
An Bord Pinsean Airm	2	0	0.0%	2	0
An Phríomh-Oifig Staidrimh	697	40	5.7%	707	41
An tÚdarás Rialála Carthanas	10	0	0.0%	Comhlacht nua do 2014	
Cosaint Shibhialta	28	4	14.3%	28	4
Coimisinéirí um Bhronnadh & Tiomnachtaí	Anois istigh leis an Údarás Rialála Carthanas			7	0
Coimisiún um Iomaíocht & Cosaint Tomhaltóirí	78	4	5.1%	Comhlacht nua do 2014	
Coimisinéir um Chosaint Sonraí	28	3	10.7%	30	3
Bord Ceaintín Óglaigh na hÉireann	5	2	40.0%	17	1

An Roinn Chaiteachais Phoiblí & Athchóirithe

	2014			2013	
Comhlachtaí Poiblí	**Iomlán foirne**	**Líon faoi mhíchum-as**	**% faoi mhíchum-as**	**Líon faoi mhíchum-as**	**% faoi mhíchum-as**
Binse Comhionannais	Anois istigh le Coimisiún Caidreamh sa Láthair Oibre a bunaíodh i 2015, níl tuairisc ar fáil do 2014			26	1
Cigireacht An Gharda	9	0	0.0%	12	0
Tithe an Oireachtais	409	17	4.2%	398	12
Seirbhís Dócmhainneachta na hÉireann	84	5	6.0%	59	4
Oifig Aicmithe Scannán na hÉireann	8	0	0.0%	8	0
Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine & Comhionannas	21	0	0.0%	Comhlacht nua do 2014	
An Bord um Chúnamh Dlíthiúil	372	16	4.3%	376	16
Áisínteacht Náisiúnta Tomhaltóirí	Anois istigh le Iomaíocht & Cosaint Tomhaltóirí			35	2
Comhairle Náisiúnta Curaclaim & Measúnachta	29	2	6.8%	33	2
Comhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta	97	5	5.2%	101	5
Oifig na gCoimisinéirí Achomhairc	5	0	0.0%	4	0
Oifig an Ard-Aighne	121	4	3.3%	128	4
Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas & Ciste	150	6	4.0%	145	6
Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí	189	11	5.8%	193	10
Oifig an Ombudsman/Choimisin-éara Faisnéise/Choimisinéara um Cheapachain na Seirbhíse Poiblí	96	5	5.2%	97	2
Oifig an Uachtaráin	26	1	3.8%	28	1

An Roinn Chaiteachais Phoiblí & Athchóirithe

				2014	2013
Comhlachtaí Poiblí	**Iomlán foirne**	**Líon faoi mhíchum-as**	**% faoi mhíchum-as**	**Líon faoi mhíchum-as**	**% faoi mhíchum-as**
Oifig an Choimisinéara Iarratais do Dhídeanaithe	103	5	4.9%	103	6
Ombudsman d'Óglaigh na hÉireann	4	0	0.0%	4	0
An tÚdarás Clárúcháin Maoine	548	35	6.4%	565	35
An tÚdarás Rialála Seirbhísí Maoine	17	1	5.9%	20	1
An tSeirbhís um cheapachain Phoiblí	105	6	5.7%	100	5
Binse Achomhairc Dídeanaithe	34	2	5.9%	42	1
Na Coimisinéirí Ioncaim	6,036	153	2.5%	160	2.6
Coimisiún na Scrúduithe Stáit	152	7	5.0%	156	7
An tSeirbhís Cúirteanna	985	31	3.2%	987	31
An Binse Comhionannais	Anois istigh le Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine & Comhionannas			22	0
Comisiún um Chaidreamh Oibreachais	41	4	9.8%	47	4
Áisínteacht Náisiúnta Tomhaltóirí	78	4	5.1%	Comhlacht nua do 2014	
Oifig na nOibreacha Poiblí	575	17	3.0%	637	19
Oifig an Ombudsman do Leanaí	8	0	0.0%	11	0
An tÚdarás Slándála Príobháidí	36	1	2.8%	36	1
An tSaotharlann Stáit	85	5	5.9%	86	5
An Oifig Luachála/ Binse Luachála	127	7	6.0%	129	6

An Roinn Coimirce Sóisialaí

			2014		2013
Comhlachtaí Poiblí	**Iomlán foirne**	**Líon faoi mhíchum-as**	**% faoi mhíchum-as**	**Líon faoi mhíchum-as**	**% faoi mhíchum-as**
An Bord um Fhaisnéis do Shaoránaigh	87	8	9.2%	6	6.3%
Oifig an Ombudsman Pinsean	8	1	12.5%	1	11.1%
An Bord Pinsean	Anois istigh leis an Údarás Pinsean			0	0.0%
An tÚdarás Pinsean	45	1	2.2%	Comhlacht nua do 2014	

Roinn an Taoisigh

			2014		2013
Comhlachtaí Poiblí	**Iomlán foirne**	**Líon faoi mhíchum-as**	**% faoi mhíchum-as**	**Líon faoi mhíchum-as**	**% faoi mhíchum-as**
Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit	248	22	8.9%	11	4.6%
Coimisiún um Athchóiriú an Dlí	18	0	0.0%	0	0.0%
Oifig an Chomhairle Náisiúnta Eacnamaíoch & Sóisialach	18	1	5.6%	1	5.3%

An Roinn Iompair, Turasóireachta & Spóirt

			2014		2013
Comhlachtaí Poiblí	**Iomlán foirne**	**Líon faoi mhíchum-as**	**% faoi mhíchum-as**	**Líon faoi mhíchum-as**	**% faoi mhíchum-as**
Bus Éireann	2,451	94	3.8%	95	3.9%
Coimisiún um Rialáil Eitlíochta	15	0	0.0%	0	0.0%

Córas Iompair Éireann	191	7	3.7%	8	4.3%
Cuideachta Poirt Dhroichead Átha	11	0	0.0%	0	0.0%
Údarás Aerfort BÁC	2,595	87	3.4%	63	2.5%
Bus Átha Cliath	3,286	159	4.8%	152	4.8%
Cuideachta Poirt BÁC	137	1	0.7%	1	0.7%
Cuideachta Cuan Dún Laoghaire	21	1	4.8%	1	5.0%
Fáilte *Ireland*	337	12	3.6%	13	3.3%
Calafort na Gaillimhe	12	0	0.0%	0	0.0%
Iarnród Éireann	3,785	119	3.1%	126	3.3%
Údarás Eitlíochta na hÉireann	652	22	3.4%	25	3.9%
An Chomhairle Spóirt	33	2	6.1%	2	5.1%
Údarás um Bhóithre Náisiúnta	104	4	3.8%	3	2.9%
Campas Náisiúnta Spóirt Údarás Forbartha	3	0	0.0%	0	0.0%
Údarás Náisiúnta Iompair	71	1	1.4%	1	1.3%
Cuideachta Phoirt Ros Mhic Thriúin	4	0	0.0%	0	0.0%
Cuideachta Cuain Chorcaí	111	4	3.6%	4	3.6%
Cuideachta Cuain Phort Láirge	30	0	0.0%	0	0.0%
Gníomhaireacht um Fháil Iarnród	171	5	2.9%	5	2.7%
Coimisiún Sábháilteachta Iarnróid	9	0	0.0%	0	0.0%
Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre	314	6	1.9%	7	2.2%
Údarás Aerfort na Sionainne	Anois istigh le Grúpa na Sionainne			14	5.2%
Cuideachta Phort na Sionainne & Fhainge	43	2	4.7%	2	4.9%
Grúpa na Sionainne Plc	467	17	3.6%	Comhlacht nua do 2014	
Tourism Ireland	43	2	4.7%	2	4.7%
Cuideachta Poirt Chill Mhantáin	2	0	0.0%	0	0.0%

Aguisín C – Rátaí freagartha daonáireamh foirne 2014

Ainm	Ráta freagartha
Údarás Uchtála na hÉireann	78.3%
An Bord Pleanála	59.9%
An Chomhairle Ealaíon	34.0%
Ospidéal Beaumont	7.8%
Bord Bia	89.5%
Bord Iascaigh Mhara	82.1%
Údarás Craolacháin na hÉireann	68.6%
Comhairle Contae Cheatharlach	46.3%
Údarás Rialála Carthanas	30.0%
Gníomhaireacht um Leanaí & an Teaghlach (TUSLA)	9.5%
An Bord um Fhaisnéis do Shaoránaigh	81.6%
Coillte	9.3%
Coimisiún um Rialáil Eitlíochta	93.3%
Coimisiún um Rialáil Cumarsáide (ComReg)	95.5%
Coimisiún um Rialáil Fuinnimh (CER)	60.5%
Coimisiún um Iomaíocht & Cosaint Tomhaltóirí	100.0%
Comhairle Contae Chorcaí	33.1%
Coimisinéir um Chosaint Sonraí	75.0%
Bord Ceaintín Óglaigh na hÉireann	100.0%
An Roinn Oideachais & Scileanna	50.7%
An Roinn Sláinte	44.4%
An Roinn Dlí & Cirt & Comhionannais	70.9%
Údarás Aerfort Baile Átha Cliath	36.0%
Comhairle Cathrach Baile Átha Cliath	29.6%
IT Baile Átha Cliath	22.1%
Institiúid Ealaíne is Deartha Dún Laoghaire	46.3%
IT Dún Dealgan	53.5%
Fiontraíocht Éireann	22.8%
Gníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil	2.2%
Foras na Gaeilge	87.2%
Cigireacht An Gharda	33.3%

Ainm	Ráta freagartha
Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte	5.9%
An Chomhairle Oidhreachta	100.0%
Rásaíocht Capall Éireann	100.0%
Tithe an Oireachtais	50.6%
An Ghníomhaireacht Airgeadais Tithíochta	100.0%
IDA Éireann	34.2%
Seirbhís Dócmhainneachta na hÉireann	19.0%
Seirbhísí Fuilaistriúcháin na hÉireann	80.2%
Bord Scannán na hÉireann	100.0%
Oifig Aicmithe Scannán na hÉireann	100.0%
Músaem Ealaíne na hÉireann (IMMA)	74.2%
Sábháilteacht Uisce Éireann	100.0%
IT Shligigh	1.4%
Comhairle Contae Chill Dara	46.0%
Comhairle Contae Chill Chainnigh	95.8%
Comhairle Contae Laoise	68.8%
Coimisiún um Athchóiriú an Dlí	100.0%
Ospidéal Pháirc Bhaile na Lobhar	97.4%
Comhairle Cathrach & Contae Luimnigh	29.2%
IT Luimnigh	32.8%
Comhairle Contae an Longfoirt	3.1%
Comhairle Contae Lú	24.0%
Comhairle na nDochtúirí Leighis	70.0%
Comhairle Contae Mhuineacháin	44.6%
An Clárlann Náisiúnta Ailse	70.6%
Oifig Forbartha Náisiúnta Eacnamaíoch & Sóisialta	100.0%
Gníomhaireacht Náisiúnta Bainne	100.0%
Údarás Náisiúnta Bóithre	67.3%
Campas Náisiúnta Spóirt Údarás Forbartha	100.0%
Údarás um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann (NSAI)	94.7%
Comhthionól Réigiúnach an Tuaiscirt & an Iarthair	100.0%
Campaí Leanaí Bhaile an Oibricigh	18.4%
Oifig an Ard-Aighne	86.8%
Oifig an Ombudsman Pinsean	100.0%
Oifig an Choimisinéara Iarratais do Dhídeanaithe	72.8%
Cumann Cógaisíochta na hÉireann	100.0%

Ainm	Ráta freagartha
Bord um Thionóntachtaí Cónaithe Príobháideacha	94.7%
Údarás Rialála Seirbhísí Maoine	64.7%
Ceapacháin na Seirbhíse Poiblí	52.4%
Binse Achomharc Dídeanaithe	64.7%
Fondúireacht Eolaíochta Éireann	81.6%
SOLAS – Seirbhís Oideachais Leanúna & Scileanna	67.9%
Coimisiún na Scrúduithe Stáit	5.3%
Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann	64.7%
Teagasc	36.8%
TG4	84.3%
Ospidéal Adelaide agus an Mhí	5.1%
An Mol Digiteach	10.0%
Gníomhaireacht Náisiúnta Tomhaltóirí	100.0%
An tÚdarás Pinsean	75.6%
An tÚdarás Slándála Príobháidí	86.1%
An Bord Árachas Sláinte Shaorálaigh	97.8%
Comhairle Cathrach & Contae Phort Láirge	29.2%
IT Phort Láirge	2.2%
Coimisiún Forbartha an Iarthair	100.0%
Comhairle Contae na hIarmhí	46.5%

Údarás Náisiúnta Míchumais

25 Bóthar Chluaidh, Baile Átha Cliath 4

Teileafón: (01) 608 0400

Faics: (01) 660 9935

www.nda.ie

Is é Údarás Náisiúnta Míchumais an chomhlacht stáit neamhspleách a chuireann sainchomhairle ar an Rialtas um pholasaí agus cleachtas míchumais, agus um Dhearadh Uilíoch a chur chun cinn in Éirinn.